ACHOIMRE

AR BHEARTA BHUISÉAD 2017

ATHRUITHE BEARTAIS

ACHOIMRE AR BHEARTA BHUISÉAD 2017

ATHRUITHE BEARTAIS

CLÁR AN ÁBHAIR

Bearta Cánachais

Muirear Sóisialach Uilíoch	A.5
Cáin Ioncaim	A.5
Dleachtanna Máil	A.5
Cáin Ioncaim Eile	A.6
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	A.8
Cáin Fháltas Caipitiúil	A.8
Bearta Talmhaíochta	A.8
Cáin Choinneála ar Ús Taisce	A.9
Bearta um Chomhlíonadh	A.9

Bearta Cánachais a thabharfar isteach in 2017

An Beart	Toradh/Costas 2017
Muirear Sóisialach Uilíoch Beidh ioncaim de €13,000 nó níos lú díolmhaithe. Thairis sin, • €0 go €12,012 @ 0.5% • €12,013 go €18,772 @ 2.5% • €18,773 go €70,044 @ 5% • €70,045 go €100,000 @ 8% • Ioncam ÍMAT de bhreis ar €100,000 @ 8% • Ioncam ó fhéinfhostaíocht de bhreis ar €100,000 @ 11% Sealbhóirí cártaí leighis agus pearsana aonair atá 70 mbliana d'aois agus níos sine a bhfuil ioncam comhiomlán de €60,000 nó níos lú acu, íocfaidh siad uasráta MSU de 2.5%.	-€335m
Cáin Ioncaim Méadú ar an gCreidmheas Cánach Cúramóra Baile ó €1,000 go €1,100 Méadú ar an gCreidmheas i leith Ioncam arna Thuilleamh ó €550 go €950 **Faoiseamh i leith Úis– Maoin Chónaithe ar Cíos** Tá an asbhaint atá ar fáil i leith íocaíochtaí úis cáilitheacha ar airgead a fhaightear ar iasacht chun maoin chónaithe ar cíos a cheannach, a fheabhsú nó a dheisiú á méadú ó 75% go 80%. Bainfidh an beart seo le morgáistí nua agus le morgáistí atá ann cheana.	-€7m -€33m -€8m
Dleachtanna Máil **Cáin ar Tháirgí Tobac** Méadófar an dleacht mháil ar phaicéad 20 toitín 50 cent (CBL san áireamh) mar aon le méadú pro-rata ar na táirgí	€65m

tobac eile le héifeacht ó mheán oíche an 11 Deireadh Fómhair 2016. **Síneadh leis an teorainn cháilitheach i leith faoiseamh ó dhleacht mháil do mhicreaghrúdlanna** Tá síneadh á chur leis an bhfaoiseamh speisialta lena laghdaítear an ráta caighdeánach Cánach ar Tháirgí Alcóil de 50% ar bheoracha a tháirgtear i micreaghrúdlanna ina dtáirgtear méid nach mó ná 30,000 heictilítear in aghaidh na bliana chun go mbeidh feidhm aige maidir le micreaghrúdlanna ina dtáirgtear méid nach mó ná 40,000 heictilítear in aghaidh na bliana. Tá faoiseamh fós le fáil ar an gcéad 30,000 heictilítear beorach a tháirgtear. **Cáin Chláraithe Feithiclí (VRT)** Tá síneadh á chur leis na faoisimh atá ar fáil chun feithiclí leictreacha hibride agus feithiclí leictreacha hibride inluchtaithe a cheannach go dtí an 31 Nollaig 2018. Tá síneadh á chur leis na faoisimh i leith feithiclí leictreacha agus gluaisrothair leictreacha go dtí an 31 Nollaig 2021. **Cáin Charbóin** Beidh na hionchuir bhreosla a úsáidtear chun leictreachas ardéifeachtúlachta a chruthú chun teas is cumhacht in éineacht a sholáthar díolmhaithe go hiomlán ó cháin charbóin.	- - -€1m
Cáin Ioncaim Eile **Cúnamh chun Ceannach** Tá dreasacht um lacáiste cánach ioncaim á tabhairt isteach chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire tithe nua an éarlais a éilítear faoi rialacha macrastuamachta an Bhainc Ceannais a mhaoiniú. Is éard a bheidh ann lacáiste i leith cáin ioncaim a íocadh sna cheithre bliana roimhe sin, suas le 5% den phraghas ceannaigh suas go dtí €400,000. I gcás tithe nua ar luach atá idir €400,000 agus €600,000 beidh an faoiseamh uasta (i.e. €20,000) fós ar fáil. Ní mór don teach a bheith nuathógtha agus ní mór d'iarrthóirí morgáiste de luach 80% nó níos mó den luach ceannaigh a tharraingt. Leanfaidh an scéim seo ar aghaidh go dtí deireadh na bliana 2019.	-€50m

Seomra ar Cíos Méadófar uasteorainn na díolúine ó cháin ioncaim i leith ioncam a fhaightear ó sheomra nó seomraí a ligean i bpríomháit chónaithe phríobháideach duine ó €12,000 go €14,000 do 2017 agus blianta dá éis sin.	-€1m
An Tionscnamh um Chathair Bheo Tá an Tionscnamh um Chathair Bheo á leasú chun méadú ar úsáid na scéime a spreagadh. Déanfar an scéim a leathnú chuig tiarnaí talún, agus i ndáil le hiarratasóirí cónaitheacha bainfear na srianta maidir le huasmhéid an achair urláir, bainfear an ceanglas nach foláir an mhaoin a bheith in úsáid mar theaghais roimhe sin, agus laghdófar an méid íosta caiteachais is gá chun cáiliú.	-€1m
An Dreasacht Athchóirithe Tí Tá síneadh á chur leis an DAT go dtí an 31 Nollaig 2018.	-
Asbhaint i leith Tuilleamh Coigríche Tá síneadh á chur leis an asbhaint seo go dtí deireadh na bliana 2020 agus leathnófar na tíortha cáilitheacha chun an Cholóim agus an Phacastáin a chur san áireamh. Laghdófar an líon íosta laethanta chun taisteal a dhéanamh go dtí 30 lá in aghaidh na bliana.	-
Clár Faoisimh Sannaí Speisialta Tá síneadh 3 bliana eile á chur leis an CFSS go dtí deireadh na bliana 2020.	-
Faoiseamh um Thús le do Ghnó Féin Tá síneadh 2 bhliain eile á chur leis an bhFaoiseamh um Thús le do Ghnó Féin go dtí deireadh na bliana 2018.	-€4m
Creidmheas Cánach d'Iascairí Tá creidmheas cánach nua á fhógairt d'iascairí chun cabhrú le hinmharthanacht earnáil na hiascaireachta. Féadfaidh iascairí a dhéanfaidh iasc nó sliogiasc fiáin a iascach ar feadh 80 lá ar a laghad i mbliain chánach creidmheas cánach €1,270 in aghaidh na bliana a éileamh.	-€4m

Soithí Iascaireachta a Dhíchoimisiúnú	-€2m
Cáin Ghnóchan Caipitiúil **Faoiseamh CGC d'Fhiontraithe**: Cuirfear ráta laghdaithe CGC de 10% i bhfeidhm maidir le gnó a dhiúscairt go hiomlán nó go páirteach suas go dtí teorainn fhoriomlán de €1 milliún de ghnóchain inmhuirearaithe cháilitheacha. **Faoiseamh CGC le haghaidh Portaigh Ardaithe**	-€13m -€2m
Cáin Fháltas Caipitiúil **Athruithe ar na tairsí saor ó cháin**: A. Tá an tairseach saoil saor ó cháin Grúpa A a bhfuil feidhm aici maidir le bronntanais agus oidhreachtaí arna dtabhairt ag tuismitheoirí dá gcuid leanaí á méadú ó €280,000 go €310,000, B. Tá an tairseach saoil saor ó cháin Grúpa B a bhfuil feidhm aici maidir le bronntanais agus oidhreachtaí arna dtabhairt do thuismitheoirí, siblíní, neachtanna, nianna nó garleanaí á méadú ó €30,150 go €32,500. Tá an tairseach saoil saor ó cháin Grúpa C a bhfuil feidhm aici maidir le bronntanais agus oidhreachtaí arna dtabhairt d'aon duine eile (seachas céilí agus páirtnéirí sibhialta atá díolmhaithe) á méadú ó €15,075 go €16,250.	-€22m
Bearta Talmhaíochta[1] **Méadú ó 5.2% go 5.4% ar an Méid Breise ar Ráta Comhréidh Feirmeora** Méadófar an méid breise ar ráta comhréidh feirmeora ó 5.2% go 5.4% le héifeacht ón 1 Eanáir 2017. Faoin scéim ráta comhréidh, tugtar cúiteamh d'fheirmeoirí neamhcláraithe i leith CBL a thabhaítear i ndáil lena n-ionchuir fheirmeoireachta. Déantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar an méid breise ar ráta comhréidh de réir Threoir CBL an AE agus leanfar, leis an méadú go 5.4% in 2017, de chúiteamh iomlán a bhaint amach d'fheirmeoirí.	-€9m

[1] €13m soláthraithe cheana sa bhonn cánach

Liúntais Chaipitiúla Luathaithe i leith trealamh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de Déanfar scéim na liúntas caipitiúla luathaithe i leith trealamh atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur ar fáil do thrádálaithe aonair agus do thrádálaithe nach bhfuil corpraithe. **Aschéimniú ar Mheánú Ioncaim** Leis an gcóras Meánaithe Ioncaim, ceadaítear brabús inchánach an fheirmeora a mheánú thar thréimhse 5 bliana. Tá sé seo á leasú chun "rogha chun diúltú" a cheadú i mbliain amháin ina raibh ioncam íseal gan choinne ag an bhfeirmeoir, agus féadfar leas a bhaint as don bhliain chánach 2016.	-€3m -
Cáin Choinneála ar Ús Taisce **Laghdú ar an ráta Cánach Choinneála ar Ús Taisce (DIRT):** Laghdófar an ráta CCÚT de 2% gach bliain sna cheithre bliana amach romhainn go dtí go sroichfear 33%. Baineann na costais a thaispeántar leis an gcéad laghdú de 2%. Tá gach laghdú dá éis sin costaithe ag an méid céanna.	-€9m
Bearta um Chomhlíonadh **Athruithe ar Alt 110 agus Cistí** Dréachtófar leasuithe ar alt 110 lena n-áireamh sa Bhille Airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar na húsaidí a baineadh den alt seo nach raibh beartaithe. Tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna eile i ndáil le Cistí agus maoin le leasuithe breise. **Dul i ngleic le himghabháil cánach eischósta** Clár cuimsitheach d'idirghabhálacha spriocdhírithe um chomhlíonadh ina n-aghaidh siúd atá ag gabháil d'imghabháil cánach eischósta. Mar bhunchloch leis an gclár seo beidh teicnící anailíseacha maidir le raon na bhfoinsí nua sonraí atá ar fáil trí thioscnaimh mhalartaithe faisnéise de chuid FATCA, AE agus OECD agus tacaithe ag reachtaíocht nua arna dearadh chun nochtadh luath maidir le dliteanais a spreagadh a bhaineann le cuntais nó sócmhainní eischósta trí i) Diúltú don deis nochtadh cáilitheach a dhéanamh sa réimse seo tar éis an 1/5/2017	€50m €30m

agus ii) Cion dliteanais dian nua a thabhairt isteach mar gheall ar mhainneachtain sonraí faoi chuntais nó sócmhainní eile eischósta a thuairisciú. **Méadú ar acmhainní chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh** Acmhainn foirne na gCoimisinéirí Ioncaim a mhéadú de 50 (i gcoibhéisí lánaimseartha) ar ghníomhaíochtaí iniúchta agus imscrúdaithe chomh maith le cumas córais TFC a fheabhsú maidir le meaitseáil sonraí agus anailísiú sonraí as a dtiocfaidh méadú díreach ar fháltais ó cháin agus ó dhleacht as idirghabhálacha um chomhlíonadh.	€50m